**Ordú na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 2 Bealtaine 2022 (iarrataí ar réamhrialú ón Obvodní soud pro Prahu 1 – Poblacht na Seice) – Správa železnic, státní organizace v České dráhy a.s., PKP Cargo International a.s., PDV Railway a.s., KŽC Doprava, s.r.o. (C-221/21), agus České dráhy a.s. v Univerzita Pardubice agus páirtithe eile (C-222/21)**

**(Cásanna Uamtha C-221/21 agus C-222/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Iompar ar iarnród – Treoir 2012/34/AE – Cinntí os comhair an chomhlachta rialála – Airteagal 56(10) – Athbhreithniú breithiúnach – Dlí náisiúnta lena bhforáiltear do dhlínse na gcúirteanna sibhialta – Conas caingean a thionscnamh – Comhréireacht le Treoir 2012/34 – Do-ghlacthacht fhollasach na hiarrata ar réamhrialú)***

(2022/C 368/06)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Obvodní soud pro Prahu 1

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Správa železnic, státní organizasse (C-221/21), České dráhy a.s. (C-222/21)

*Cosantóirí:* České dráhy a.s., PKP Cargo International a.s., PDV Railway a.s., KŽC Doprava s.r.o. (C-221/21), Univerzita Pardubice agus páirtithe eile (C-222/21)

**An chuid oibríochtúil**

Tá na hiarrataí ar réamhrialú ón Obvodní soud pro Prahu 1 (Cúirt Dúiche Phrág 1, Poblacht na Seice), trí chinntí an 22 Meán Fómhair 2020 agus an 1 Deireadh Fómhair 2020, do-ghlactha go follasach.

(1) IO C 242, 21.06.2021.

---

**Ordú na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 20 Bealtaine 2022 – Germann Avocats LLC v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-233/21 P)** [1]

***(Achomharc – Airteagal 181 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Soláthar poiblí san Aontas Eorpach – Nós imeachta tairisceana – Conarthaí a dhámhachtain – Cinneadh tairiscint a dhiúltú agus an conradh a bhronnadh ar thairgeoir eile – Critéir dámhachtana – Rialú cáilíochta – Míléiriú ar fhíorais agus ar fhianaise – Mí-úsáid cumhachta – Oibleagáid cúiseanna a lua – Achomharc atá do-ghlactha go follasach i bpáirt, agus gan bhunús go follasach i bpáirt)***

(2022/C 368/07)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Germann Avocats LLC (ionadaí: N. Scandamis, dikigoros)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Araujo Arce agus J. Estrada de Solà, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an t-achomharc a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha go follasach i bpáirt, agus gan bhunús go follasach i bpáirt.